

heatha
le
bua


Brian O'Driscoll

Brian O'Driscoll

Brian O'Driscoll



beatha
le bua



Pictiúr Clúdaigh © Jean Catuffe/Getty Images.

Pictiúr le © David Rogers/Getty Images, Darren England/ALLSPORT/
Getty Images, Paul Gilham/Getty Images for RBS, Jean Catuffe/Getty
Images agus Matt Browne/Sportsfile.

Arna tháirgeadh agus arna fhoilsiú ag CCEA.


Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den leabhar seo a
athfhoilsiú i gcruth ar bith nó ar dhóigh ar bith gan cead a fháil
roimh ré ó CCEA.







beatha
le bua

l
o
c
s
e
r
v
e
n
t
a
n
g
a
n
g






BRIAN O'DRISCOLL

Imreoir


Tá Brian O'Driscoll ar na himreoirí rugbaí is mó clú agus cáil in Éirinn, agus b'fhéidir ar domhan sa lá atá inniu ann. Ní hamháin sin ach tá daoine ann a deir go bhfuil sé ar na himreoirí is fearr a bhí riamh ann i saol an rugbaí. D'éirigh sé as an spórt sin in 2014 i ndiaidh seal fada a chaitheamh mar imreoir den chéad scoth ag an leibhéal is airde. Lá brónach a bhí ann do lucht leanúna an rugbaí agus do go leor eile an lá a d'éirigh sé as. Bhuaigh sé cuid mhór duaiseanna agus gradam agus is iomaí curiarracht a sháraigh sé lena linn. D'imir sé níos mó cluichí ag leibhéal idirnáisiúnta ná imreoir ar bith eile, 144 uair ar fad le foireann na hÉireann agus le Leoin na Breataine agus na hÉireann. Fuair sé 46 úd ag imirt ar foireann na hÉireann, níos mó ná imreoir ar bith eile riamh. Fuair sé an méid is mó úd riamh go dtí seo i gComórtas na

Conradh na Gaeilge

BRIAN O'DRISCOLL



© GETTY IMAGES



BRIAN O'DRISCOLL

Sé Náisiún forsta, 26 úd ar fad. Tá dúil as cuimse ag muintir na hÉireann ann go fóill, agus tá meas mór ag lucht an rugbaí ar fud an domhain air. Eiseamláir spórtúil a bhí ann mar imreoir rugbaí a chuidigh go mór leis an spórt a chur chun cinn in Éirinn. Labhair sé i gcónaí go deas séimh agus é faoi agallamh ar an raidió agus ar an teilifís ach ní raibh sé ar dhóigh ar bith séimh ar pháirc an rugbaí agus é ag imirt sna comórtais is mó ar domhan!

Cúlra agus Luathbhlianta



Rugadh Brian O'Driscoll ar an 21 Eanáir 1979 i mBaile Átha Cliath agus tógadh ansin é. Dochtúirí a bhí ina thuismitheoirí. Bhí spéis ar leith ag a mhuintir i gcónaí sa rugbaí. D'imir a athair féin agus uncaill dō cúpla uair ar foireann na hÉireann. D'imir uncaill eile dō 26 uair le foireann na hÉireann forsta. D'imir Brian peil Ghaelach nuair a bhí sé

Conradh Tuath

BRIAN O'DRISCOLL

óg ach nuair a chuaigh sé ar scoil go Coláiste na Carraige Duibhe i ndeisceart Bhaile Átha Cliath, chuir sé spéis mhór sa rugbaí. D'imir sé le foireann na scoile sna blianta 1996 agus 1997. Níorbh fhada gur aithin daoine gur imreoir iontach maith agus láidir a bhí ann. D'imir sé le foireann idirnáisiúnta na scoileanna trí huaire. Ceapadh é ina chaptain ar fhoireann a scoile féin in 1997. Ba léir go raibh saol mar imreoir maith i ndán dó ag an phointe sin agus go mbeadh sé sáite i saol an rugbaí as sin amach.

Faoin bhliain 1998 bhí sé ag imirt leis an fhoireann idirnáisiúnta faoi 19 mbliana d'aois. Bhain an fhoireann sin Craobh an Domhain san aoisghrúpa sin an bhliain sin. I ndiaidh dó Coláiste na Carraige Duibhe a fhágáil, chuaigh sé ar ollscoil go Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Fuair sé áit gan mhoill ar an fhoireann faoi 20



BRIAN O'DRISCOLL

bliain d'aois. Níorbh fhada, áfach, go raibh sé ag imirt leis an fhoireann shinsearach san ollscoil. D'fhan sé dhá bhliain ar an ollscoil agus bhain sé dioplóma amach i mbainistíocht spóirt.

ImBarr a Réime



Chaith O'Driscoll tamall le fhoireann na hÉireann faoi 21 bliain d'aois. Ach nuair a fuair sé áit ar fhoireann shinsearach na hÉireann sa bhliain 1999, ba ansin a thosaigh a shaol mar imreoir i ndáiríre. D'imir sé a chéad chluiche ag an leibhéal sin i mí an Mheithimh 1999 nuair nach raibh sé ach 20 bliain d'aois go fóill. Cé gur chaill siad an cluiche sin in éadan na hAstráile, bhí O'Driscoll ar a bhealach. Bliain ina dhiaidh sin, fuair sé 3 úd in éadan na Fraince i gComórtas na Sé Náisiún, an chéad uair a bhuaile Éire an Fhrainc ó 1972. Sa bhliain 2002 ceapadh ina chapttaen é den chéad

Con caderas bajas

BRIAN O'DRISCOLL




© GETTY IMAGES



BRIAN O'DRISCOLL

uair ar fhoireann na hÉireann i gcluiche in éadan na hAstráile arís, ach bhuaile siad an Astráil an iarraidh seo. Nuair a d'éirigh imreoir clúiteach eile as an fhoireann in 2003, mar a bhí Keith Wood, ceapadh O'Driscoll ina chptaen buan. Bhí aitheantas aige agus meas air mar an imreoir is fearr ar an fhoireann faoin am seo.

Bhí bliain ar dóigh aige in 2009 nuair a bhain foireann na hÉireann an Choróin Thriarach agus ansin Comórtas na Sé Náisiún, agus ar ndóigh an *Grand Slam* den chéad uair le 61 bliain. Fuair sé scór sna cluichí uilig a d'imir sé le foireann na hÉireann seachas i gceann amháin acu an bhliain sin. Ainmníodh é mar imreoir an chomórtais i gComórtas na Sé Náisiún agus ansin mar imreoir na bliana in Éirinn. Ba í sin an bhliain ab fhéarr a bhí aige ina shaol mar imreoir gan amhras.





Con c'è un tuo

BRIAN O'DRISCOLL



© GETTY IMAGES



BRIAN O'DRISCOLL

I rith na bliana 2010 d'imir O'Driscoll sna cluichí idirnáisiúnta uilig i gComórtas na Sé Náisiún. D'imir sé a chéadú cluiche ar fhoireann na hÉireann an bhliain sin sa Bhreatain Bheag. Fuair sé an daicheadú úd i gcluiche in éadan na Nua-Shéalainne. Faoi mhí Meithimh na bliana sin, bhí níos mó cluichí imeartha aige le foireann na hÉireann ná mar a d'imir imreoir ar bith eile go dtí sin, 103 cluiche san ionlán. Bliain mhaith eile a bhí ann agus cuid mhór bainte amach aige, ach bhí na gortuithe ag méadú de réir a chéile. Ghortaigh sé a ghualainn go dona níos mó ná uair amháin. Ní raibh sé ábalta páirt a ghlacadh i gComórtas na Sé Náisiún ar chor ar bith in 2012. Ba léir faoin am sin go raibh deireadh ag teacht lena shaol mar imreoir i mbarr a réime. Tháinig sé ar ais chuige féin, áfach, in 2013 agus fuair sé a áit ar ais ar fhoireann na hÉireann. Ach


Con Céad Éan Tá

BRIAN O'DRISCOLL



© GETTY IMAGES

3



BRIAN O'DRISCOLL

chaill sé a áit mar chaptain nō bhí a chara Jamie Heaslip mar chaptain faoin am sin. Ansin, i bpáras i Mí an Mhárta 2014 sa chluiche iontach in éadan na Fraince, tháinig deireadh lena réim ar an fhoireann. D'imir sé féin go hiontach agus chuidigh sé go mór le hÉirinn an bua a fháil ar na Francaigh den chéad uair le 42 bliain. Bhain siad Comórtas na Sé Náisiún arís. Dóigh iontach a bhí ann le deireadh a chur lena shaol idirnáisiúnta.

Foirne eile

Bhí aithne fhorleathan ar O'Driscoll mar imreoir idirnáisiúnta agus é ag imirt le fhoireann na hÉireann. Ach bhí sé lán chomh clúiteach mar imreoir ar fhoireann Chúige Laighean ar feadh fada go leor festa. D'imir sé leis an fhoireann sin den chéad uair sa bhliain 1999. Bhain siad an tSraith Cheilteach in 2001. Fuair siad a fhad leis an chluiche leathcheannais i gCorn


Corn ó Brian Ó Driscoll


BRIAN O'DRISCOLL

15

Heineken in 2003. Chuaigh an fhoireann seo ó neart go neart agus d'éirigh go maith leo go minic sna comórtais mhóra agus O'Driscoll go mór chun tosaigh mar imreoir tábhachtach i rith an ama. Bhain siad Corn Heineken in 2009 agus arís eile in 2011. Bhain siad Sraith Magners an bhliain chéanna. Fuair sé deis bogadh chun na Fraise le himirt go proifisiúnta ansin ach chinn sé ar fhanacht in Éirinn le foireann Chúige Laighean. D'imir sé a chluiche proifisiúnta deireanach leis an fhoireann seo in 2014 i mBaile Átha Cliath in éadan *Glasgow Warriors* i gcomórtas an Pro12, comórtas a bhain siad.

Roghnaíodh O'Driscoll mar imreoir fosta ar an fhoireann cháiliúil idirnáisiúnta darb ainm Leoin na Breataine agus na hÉireann. Roghnaítear na himreoirí is fearr in Éirinn agus sa Bhreatain le himirt ar an fhoireann seo agus téann siad ar turas le himirt in






BRIAN O'DRISCOLL

éadan na dtíortha is fearr sa rugbaí ar fud an domhain, mar shampla an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an Afraic Theas. D'imir sé den chéad uair leis an fhoireann sin sa bhliain 2001. Ceapadh ina chptaen é in 2005 in éadan na Nua-Shéalainne ach níor mhair sé i bhfad nó ghortaigh sé a ghualainn go dona arís. Bhí se ina chptaen arís in 2009 nuair a ghortaigh sé a cheann i gcluiche san Afraic Theas. D'imir sé den uair dheireanach leis na Leoин in 2013 ach níor éirigh go maith leis ar an turas sin. Ní raibh an rath céanna air leis na Leoин agus a bhí air le foireann na hÉireann, d'fhéadfá a rá.

Con Céadair Táin
BRIAN O'DRISCOLL



© SPORTSFILE



BRIAN O'DRISCOLL

Oidhreacht

Is iomaí gradam agus duais a bhain Brian O'Driscoll mar imreoir lena linn. Is minic a ainmníodh é mar imreoir an chluiche nó mar imreoir an chomórtais. Bíonn sé i gcónai ag barr liostaí de na himreoirí is fearr nuair a phléann daoine an rugbaí. Ní dhéanfaidh muintir na hÉireann dearmad de ar scor ar bith nó bhí siad, agus tá go fóill, fíorbhródúil as. Creideann daoine go bhfuil sé ar na himreoirí is fearr sa rugbaí a bhí riamh ann. Is cinnte go bhfuil se i measc na laochra spóirt is fearr riamh a bhí ag an tír seo.

Conradh na Gaeilge

BRIAN O'DRISCOLL



© JEAN CATUFFE/GETTY IMAGES



beatha
le
bua



NORTHERN IRELAND
QUALITY AWARD

